Banc Bia

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bhanc bia i gCorcaigh. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. ag freastal _____
2. ag fulaingt _____
3. i ngreim ag an mbochtanas _____
4. ar an meán _____
5. tionóntaí _____
6. ag streachailt _____
7. costais mhaireachtála _____
8. ar bhonn seachtainiúil _____
9. deontais _____
10. an earnáil ardoideachais _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat iad a thuiscint.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cé a chuir an banc bia ar bun?

2. Cén fáth ar cuireadh an banc bia ar bun?

3. Cad a dúirt Naoise Ó Cruadhlaoi faoi chruatan airgeadais na mac léinn?

4. Cad a dúirt Naoise Ó Cruadhlaoi faoin deontas 'Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn' (nó SUSI, mar is fearr aithne air)?

Ceist 3 '… Coláiste na hOllscoile, Corcaigh…'

Cén Ghaeilge atá ar na hollscoileanna seo a leanas:

University College Dublin
NUI Galway (National University of Ireland, Galway)
University of Limerick

Dublin City University
Queen's University Belfast

Ceist 4 '…as an mbanc…'

A. Féach ar an mír arís agus breac síos gach sampla inti den tuiseal tabharthach (alt + réamhfhocal) uatha.
B. Scríobh amach arís iad sa Chóras Ultach (nó Córas an tSéimhithe, mar a thugtar air).
C. Déantar cumasc idir an réamhfhocal agus an t-alt san uimhir uatha leis na réamhfhocail seo: *de*, *do*, *faoi*, *i* agus *ó*. 'San áireamh' a bhí le cloisteáil sa mhír. Líon isteach na bearnaí thíos. Tá an chéad cheann déanta duit.

i	+	an	=	sa (san roimh ghuta nó f + guta)
de	+	an	=	_____
do	+	an	=	_____
faoi	+	an	=	_____
ó	+	an	=	_____

Ceist 5 '… in aghaidh na míosa…'

Bain amach na lúibíní agus cuir an fhoirm cheart den ainmfhocal sna bearnaí.

le linn (an rang):	_____
ar feadh (an lá):	_____
i gcomhair (an mhaidin):	_____
in aghaidh (an bochtanas):	_____
i rith (an oíche):	_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Ar cheart go mbeadh oideachas tríú leibhéal saor do chách?
2. Cad iad na fadhbanna is mó a bhíonn ag mic léinn tríú leibhéal nuair a thosaíonn siad ar an ollscoil ar dtús?
3. Conas a bhíonn saol na meánscoile éagsúil ó shaol na hollscoile?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1. ag freastal	*attending, at*
2. ag fulaingt	*suffering*
3. i ngreim ag an mbochtanas	*in the grip of poverty*
4. ar an meán	*on average*
5. tionóntaí	*tenants*
6. ag streachailt	*struggling*
7. costais mhaireachtála	*living costs*
8. ar bhonn seachtainiúil	*on a weekly basis*
9. deontais	*grants*
10. an earnáil ardoideachais	*the higher education sector*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
University College Dublin – an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
NUI Galway (National University of Ireland, Galway) – OÉ Gaillimh (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)
University of Limerick – Ollscoil Luimnigh
Dublin City University – Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Queen's University Belfast – Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

Ceist 4
A.

- as an mbanc bia
- ar an Ollscoil
- ag an mbochtanas
- ar an méid
- ar an meán
- ar an gcéad dul síos
- san áireamh
- ar an gcíos
- leis an gcostas maireachtála
- as an tseirbhís
- ar an earnáil
- leis na costais mhaireachtála

B.

- as an bhanc bia
- ar an Ollscoil
- ag an bhochtanas
- ar an mhéid
- ar an mheán
- ar an chéad dul síos
- san áireamh
- ar an chíos
- leis an chostas maireachtála

- as an tseirbhís
- ar an earnáil
- leis na costais mhaireachtála

C.

i	+	an	=	sa (san roimh ghuta nó f + guta)
de	+	an	=	**den**
do	+	an	=	**don**
faoi	+	an	=	**faoin**
ó	+	an	=	**ón**

Ceist 5
le linn **an ranga**
ar feadh **an lae**
i gcomhair **na maidine**
in aghaidh **an bhochtanais**
i rith **na hoíche**

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na tuairimí a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt
Tá suas le 20 mac léinn ag baint úsáid as an mbanc bia atá bunaithe i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh gach seachtain. Deir Aontas na Mac Léinn go bhfuil go leor daoine óga atá ag freastal ar an Ollscoil i gCorcaigh ag fulaingt agus go bhfuil cuid acu i ngreim ag an mbochtanas.

Marian O'Flaherty
Tháinig méadú 7% ar an méid cíosa a bhí á íoc ar lóistín i gCathair Chorcaí an bhliain seo caite. De réir figiúirí nua-fhoilsithe, €1,177 in aghaidh na míosa an méid cíosa ar an meán atá á íoc ag tionóntaí i gCathair Chorcaí, beagnach €300 in aghaidh na seachtaine. Agus, tá sé seo ag cur isteach go mór ar dhaoine óga a thagann go Corcaigh chun freastal ar an Ollscoil.
Mar sin, bheartaigh Aontas na Mac Léinn i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, banc bia a bhunú.

Tá an banc bia lonnaithe anseo ag foirgneamh Aontas na Mac Léinn in UCC.

Naoise Ó Cruadhlaoi, Oifigeach Leasa, Aontas na Mac Léinn
Ar an gcéad dul síos, is fadhb mhór é cruatan airgeadais do mhic léinn na tíre seo, mic léinn in UCC san áireamh. Bíonn daoine ag streachailt leis na costais mhaireachtála agus tháinig méadú 7% ar an gcíos i gCorcaigh anuraidh. Cuireann sin an-chuid brú ar dhaoine agus is fíor a rá go bhfuil daoine ag streachailt leis an gcostas maireachtála.

Marian O'Flaherty
Tá suas le 20 mac léinn ag baint úsáid as an tseirbhís ar bhonn seachtainiúil ach tá an uimhir sin ag méadú. Fadhb eile, a deir mic léinn i gCorcaigh – nach bhfuil méadú tagtha ar dheontais SUSI le beagnach 8 mbliana.

Naoise Ó Cruadhlaoi, Oifigeach Leasa, Aontas na Mac Léinn
Tháinig laghdú 43% ar mhaoiniú ardoideachais sa tír seo le deich mbliana anuas. Tá sin ag cur an-chuid brú ar an earnáil ardoideachais agus níl na deontais SUSI ag dul in airde leis na costais mhaireachtála.

Marian O'Flaherty, Nuacht TG4 i gCathair Chorcaí